**COMHAIRLE CONTAE LÚ CEANTAR BARDASACH DHÚN DEALGAN**

**(AN tACHT CORR-THRÁDÁLA 1995) FODHLÍTHE 2023**

Feidhmíonn Comhaltaí Ceantar Bardasach de Cheantar Bardasach Dhún Dealgan laistigh de limistéar riaracháin Chomhairle Contae Lú, na cumhachtaí a thugtar do Chomhairle Contae Lú faoi Alt 6 den Acht Corr-Thrádála 1995 agus faoi Alt 131A den Acht Rialtais Áitiúil 2001, agus leis seo déan na Fodhlíthe seo a leanas maidir le rialú, rialachán, maoirsiú agus riar corr-thrádála i gCeantar Bardasach Dhún Dealgan laistigh de limistéar riaracháin Chomhairle Contae Lú.

**1. Lua**

(a) Féadfar Fodhlíthe Cheantar Bardasach Dhún Dealgan (An tAcht Corr-Thrádála 1995) 2023 de chuid Chomhairle Contae Lú a ghairm de na Fodhlíthe seo.

**2. Tosnú**

(a) Tiocfaidh na Fodhlíthe seo i ngníomh láithreach.

**3. Cúlghairm**

(a) Cúlghairtear leis seo Fodhlíthe Acht Corr-Thrádála 1995 Chomhairle Contae Lú 2004 laistigh de limistéar feidhme Cheantar Bardasach Dhún Dealgan.

**4. Sainmhínithe**

(a) Beidh an bhrí chéanna ag téarmaí a úsáidtear sna Fodhlíthe seo agus atá leo san Acht Corr-Thrádála 1995 mura léir a mhalairt d'intinn ó na Fodhlíthe seo
(b) Ciallaíonn **"An Chomhairle"** Comhairle Chontae Lú
(c) Ciallaíonn "**Stalla"** aon struchtúr inaistrithe nó soghluaiste a úsáidtear chun críocha corr-thrádála.
(d) Ciallaíonn **"Áit Trádála"** cuid de Limistéar Corr-thrádála atá marcáilte mar Áit Trádála ar na léarscáileanna atá leagtha amach sa sceideal a ghabhann leis seo.

**5. Díolúintí**

(a) Cuirtear na haicmí díola seo a leanas, maidir le limistéar feidhme Chomhairle Contae Lú, leis na haicmí díola a shonraítear in Alt 2 den Acht nach n-áirítear corr-thrádáil-

i. Díol nuachtáin, tréimhseacháin, irisleabhair nó ábhar clóite eile nó rudaí cráifeacha nó creidimh ag nó i ngarchomharsanacht eaglaise nó áit adhartha ar laethanta a mbíonn seirbhís nó searmanais reiligiúnacha eile ar siúl ann.
ii. Uachtar reoite a dhíol ó veaineanna soghluaiste ach amháin nuair a fhanann veaineanna soghluaiste den sórt sin ag trádáil ag an suíomh céanna i rith aon lae ar feadh níos mó ná uair an chloig.

**6. Táillí**

(a) Socraítear an táille ar Cheadúnas Corr-Thrádála ag €255 in aghaidh na bliana nuair a bhíonn trádáil ar siúl lá amháin sa tseachtain. Nuair a dhéantar trádáil ar níos mó ná lá amháin in aghaidh na seachtaine, déantar an táille sheasta de €255 a mhéadú faoi €127 in aghaidh gach lá breise faoi réir uastáille seasta de €1,015 in aghaidh na bliana in aghaidh an Áit Trádála.

(b) Tá an táille ar Cheadúnas Corr-Thrádála chun trádáil ag láithreacha a shonraítear sa cheadúnas d'imeacht nó d'imeachtaí sonraithe de bhun Alt 4(1)(a)(iii) den Acht socraithe ag €100 in aghaidh an lae.

**7. Ginearálta**

(a) I gcomaoin pleanáil agus forbairt chuí Chontae Lú (lena n-áirítear caomhnú agus feabhsú a thaitneamhachtaí san áireamh) Plean Forbartha Chontae Lú 2021-2027, aon ordú taitneamhachta speisialta a bhaineann le contae Lú, an trácht is dóigh a ghinfidh corr-thrádáil sna limistéir chorr-thrádála a shonraítear anseo ina dhiaidh seo leis na Fodhlíthe seo agus le gach ní iomchuí eile na tailte seo a leanas ainmnithe mar "Limistéir Corr-Thrádála":

(i) **Ceantar uirbeach Dhún Dealgan** mar atá leagtha amach ar an Léarscáil marcáilte Dún Dealgan sa Sceideal a ghabhann leis seo. Is é an limistéar uasta a fhéadfaidh duine atá ag gabháil do chorrthrádáil a áitiú i gCeantar Uirbeach Dhún Dealgan ná ceann (1) de na sé (6) Áit Trádála atá ann mar atá marcáilte ar an Léarscáil sin.

(ii) **An Carrchlós ag Cé Gyles** mar atá leagtha amach ar an Léarscáil marcáilte Cé Gyles sa Sceideal a ghabhann leis seo. Is é an limistéar uasta a fhéadfaidh duine atá ag gabháil do chorr-thrádáil a áitiú sa Charrchlós ag Cé Gyles ná an Áit Trádála ann mar atá marcáilte ar an Léarscáil sin

(iii) **Trá Bhaile an Teampaill** mar atá leagtha amach ar an Léarscáil marcáilte Port Oirialla sa Sceideal a ghabhann leis seo. Is é an limistéar uasta a fhéadfaidh duine atá ag gabháil do chorr-thrádáil a áitiú sa Charrchlós ag Trá Bhaile an Teampaill ná an Áit Trádála ann mar atá marcáilte ar an Léarscáil sin

(iv) An dá (2) láthair seo a leanas i **gCairlinn: an Carrchlós Poiblí**, agus **Sráid an Iarnróid** mar atá leagtha amach ar an Léarscáil marcáilte Cairlinn sa Sceideal a ghabhann leis seo. Is é an limistéar uasta a fhéadfaidh duine atá ag gabháil do chorrthrádáil a áitiú sa Charrchlós Poiblí i gCairlinn ná ceann (1) den dá (2) Áit Trádála atá ann mar atá marcáilte ar an Léarscáil sin. Is é an limistéar uasta a fhéadfaidh duine atá ag gabháil do chorr-thrádáil a áitiú i Sráid an Iarnróid ag Cairlinn ná ceann (1) den dá (2) Áit Trádála atá ann mar atá marcáilte ar an Léarscáil sin.

(b) Féadfaidh an Chomhairle stallaí a fhaightear ar an limistéar corr-thrádála a bhaint tar éis uaireanta trádála agus/nó earraí nó rudaí eile a fágadh lasmuigh den áit trádála ag am ar bith. Stórálfaidh an Chomhairle na míreanna seo agus ní thabharfar ar ais don sealbhóir ceadúnais iad ach amháin nuair a íocfar costais na Comhairle maidir le riaradh, baint agus stóráil na n-earraí seo.

(c) Ní bhainfidh duine atá ag trádáil i limistéar corr-thrádála de bhun Cheadúnais Corr-Thrádála úsáid as callaire nó as córas callaireachta poiblí agus ní bheidh sé ina chúis le haon núis nó suaitheadh.

(d) Ní féidir Corr-Thrádáil a dhéanamh ach amháin le linn na n-uaireanta atá sonraithe i gCeadúnas Corr-Thrádála nó mura sonraítear aon uaireanta i gCeadúnas Corr-Thrádála ní dhéanfar Corr-Thrádáil ach amháin idir na huaireanta 8.00 a.m. agus 6.00 p.m.

(e) Má leithdháileann an Chomhairle áit trádála i Limistéar Corr-Thrádála ar shealbhóir Cheadúnais Corr-Thrádála, ní thabharfaidh sé sin do shealbhóir an Cheadúnais Corr-Thrádála aon tionóntacht nó ceart chun áitiú nó aistriú a dhéanamh ar an Áit Trádála sin.

(f) Cinnteoidh Sealbhóirí Ceadúnais Corr-Thrádála nach gcuirfear nó nach gceadófar aon bhac ar úinéirí nó áititheoirí áitribh agus a n-aíonna i gcomharsanacht an limistéir Chorrthrádála.

(g) Ní dhéanfaidh aon duine atá i mbun Corr-Thrádála aon chomharthaí nó fógra a chur suas i gcomharsanacht an Áit Trádála.

(h) Níor cheart d'aon duine cur isteach nó bac a chur ar aon oifigeach, seirbhíseach nó gníomhaire de chuid na Comhairle atá ag gabháil d'aon oibreacha cothabhála ar aon chuid de Limistéar Corr-Thrádála fiú nuair a dhéantar obair den sórt sin le linn uaireanta Corr-Thrádála.

(i) Féadfaidh an Chomhairle níos mó ná ceadúnas corr-thrádála amháin a dheonú i leith áit trádála amháin laistigh de Limistéar Corr-Thrádála.

(j) Níor cheart feithicil ar bith a pháirceáil sna Limistéir Chorr-Thrádála le linn na n-uaireanta a shonraítear do Chorr-Thrádála mura bhfuil baint ag an bhfeithicil leis an corr-thrádáil atá á déanamh agus go bhfuil sí páirceáilte laistigh den Áit Trádála.

(k) Féadfaidh an Chomhairle Áit(eanna) Trádála a ath-leithdháileadh ar lá trádála ar leith má bhíonn Sealbhóir Ceadúnais Corr-Thrádála as láthair.

**Sceideal (Léarscáileanna)**


**CEANTAR BARDASACH DHÚN DEALGAN**
**COMHAIRLE CHONTAE LÚ**

**COMHAIRLE CHONTAE LÚ CEANTAR BARDASACH DHÚN DEALGAN (AN TACHT CORR-THRÁDÁLA 1995) FODHLÍTHE 2023**

**arna dhéanamh le rún ó Cheantar Bardasach Dhun Dealgan**
**ritheadh ar an** 5th **lá de** Mean Fomhair **2023**

I láthair nuair a greamaíodh Séala na Comhairle de seo:

________________________________________
CATHAOIRLEACH/COMHALTA AINMITHE





LOUTH COUNTY COUNCIL ENVIRONMENTAL SERVICES

DIRECTOR OF SERVICE : Catherine Duff

# CARLINGFORD CASUAL TRADING AREAS

| DWG NO : Carlingford 01<br>FILE: PM\casual trading\Carlingford | DATE : May 2023 | SCALE : 1 : 1000 |
|---|---|---|





LOUTH COUNTY COUNCIL OPERATIONS

DIRECTOR OF SERVICE : Catherine Duff

# Gyles CASUAL TRADING AREAS

| DWG NO : 1<br>FILE: PM\casual trading\Templetown | DATE : April 2022 | SCALE : 1 : 2500 |
|---|---|---|





C Copyright Louth Local Authorities.

LOUTH COUNTY COUNCIL OPERATIONS

DIRECTOR OF SERVICE : Catherine Duff

# DUNDALK TRADING AREAS

| DWG NO : 1<br>FILE: PM\casual trading\Dundalk Town | DATE : April 2023 | SCALE :NTS |
|---|---|---|




C Copyright Louth Local Authorities.

LOUTH COUNTY COUNCIL OPERATIONS

DIRECTOR OF SERVICE : Catherine Duff

# TEMPLETOWN CASUAL TRADING AREAS

| DWG NO : 1<br>FILE: PM\casual trading\Templetown | DATE : April 2022 | SCALE :NTS |
|---|---|---|